Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Ábhar:

SEACHADADH AN CHREATA TEIDLÍOCHTA FAOI 2013: TREOIR DO SCOILEANNA LE hAGHAIDH CHÉIM II DE SHOCRUITHE TACAÍOCHTA AN CHREATA TEIDLÍOCHTA 2011/12

Uimhir Ciorcláin: 2011/09

Dáta Eisiúna: 19 Lúnasa 2011

Spriocghrúpa:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí (BG) i ngach iar-bhunscoil dheontaschúnta agus i ngach scoil speisialta a bhfuil roinn iar-bhunscoile iontu;
- Boird Oideachais agus Leabharlann (BOL);
- Coláistí Breisoideachais agus Coláistí Ardoideachais (CB&CA);
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS);
- Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG);
- Comhairle Oideachas Imeasctha Thuaisceart Éireann (NICIE);
- An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe, (CCEA);
- Comhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart Éireann (GTCNI); agus
- Foireann Feidhmithe an Údaráis Oideachais agus Scileanna (ESAIT).

Feasacht Gobharnóirí: Riachtanach

Stádas an Ábhair:
Le haghaidh faisnéise agus gníomhú scoileanna

Achoimre ar Ábhar:

Sa chiorclán seo, arna eisiúint ag an Roinn Oideachais, tugtar sonraí ar shocruithe tacaíochta an CT 2011/12 le haghaidh Chéim 2 de sheachadadh an Chreata Teidlíochta faoi 2013.

Doiciméid Ghaolmhara:

Ciorclán an RO 2010/13

Dáta Éaga: Ní bhaineann

Fiosrúcháin:
Ba chóir aon fhiosrúcháin faoi ábhar an Chiorcláin a chur chuig:

14-19 Curriculum Entitlement Team
An Roinn Oideachais
Teach Rathgael
Bóthar Balloo
BEANNCHAR
BT19 7PR

Suíomh gréasáin an RO:
http://www.deni.gov.uk

RO: Guthán: 028 9127 9935
Facs: 028 9127 9100

Réamhrá

1. Sa treoir a théann leis an Chiorclán seo, tugtar sonraí ar na socruithe tacaíochta airgeadais le haghaidh scoileanna arna leasú don bhliain 2011/12.

2. Ba chóir an Ciorclán seo a léamh in éineacht le Ciorclán 2010/13 an RO.



Dorina Edgar

14-19 Curriculum Entitlement Team

CIORCLÁN MAIDIR LE CREAT TEIDLÍOCHTA 2011/09 AN RO

Réamhrá

1. Is é aidhm an chiorcláin seo na riachtanais leantacha atá i bhfeidhm in 2011-2012 a leagan amach le haghaidh scoileanna agus iad ag bogadh i dtreo sheachadadh iomlán an Chreata Teidlíochta (CT) faoi 2013. D'eisigh an Roinn treoir mhionsonraithe i Meitheamh 2010, (Ciorclán 2010/13 an RO) i dtús Chéim 2, agus ba chóir d'údaráis scoile é seo a úsáid go fóill mar phríomhcháipéis thagartha.

    - Sa chiorclán seo, tugtar achoimre ar na príomhathruithe a bheidh i bhfeidhm i mbliana. An fhoirmle maoinithe le haghaidh an Chreata Teidlíochta, arb é an bonn é leis an chuid is mó den mhaoiniú le haghaidh scoileanna a ríomh, rinneadh é a leasú beagáinín.

    - Tá riachtanas nua ann le haghaidh scoileanna, ar bhonn Pobal Foghlama i gCeantar (PFC), le plean airgeadais a sholáthar ina mbeidh sonraí ar an chomhchaiteachas taobh istigh den PFC.

    - Cé go bhfuil na tosaíochtaí straitéiseacha céanna ann i gcónaí, iarrtar ar na PFCanna sprioc ar an dul chun cinn atá déanta i dtaca le húsáid ríomhfhoghlama de a chur isteach.

2. Ó 2008 amach, tá maoiniú breise curtha ar fáil ag an Roinn le cuidiú le húdaráis scoile athbhreithniú agus fairsingiú a dhéanamh ar an churaclam atá á chur ar fáil acu le haghaidh Eochairchéim 4 agus iar-16 le riar ar riachtanais an CT. Léiríodh sa Bhuiséad 2011-15 go bhfuil dúshláin shuntasacha ann maidir leis an phleanáil straitéiseach agus le soláthar an oideachais don phobal ar fad agus tugadh isteach bearta coigilt a chuideoidh leis an Roinn a buiséad a bhainistiú sna 4 bhliain atá le teacht. Gheofar coigilt i mbealach amháin trí airgead a bhaint ón Chreat Teidlíochta. Is é rún na Roinne, mar sin, go gcuirfear deireadh leis an mhaoiniú tacaíochta seo ar bhonn céimithe faoin bhliain airgeadais 2014/15. I ndiaidh 2013, is é ionchas na Roinne, cionn is go mbeidh an CT i bhfeidhm ina iomláine, go ndéanfar seachadadh ar gach gné den churaclam (agus an CT san áireamh leis seo) mar chuid den bhuiséad LMS ainmnithe a leithdháileadh ar gach scoil.

3. Chomh maith leis sin agus muid ag obair faoi thosca iontach teann airgeadais agus, leis an mhaoiniú a théann díreach chuig scoileanna a chosaint an méid agus is féidir, caithfear airgead a choigilt maidir le leithdháileadh acmhainní eile a bhaineann leis an CT. Beidh an maoiniú a bhí comharthaithe le haghaidh líonra tiomnaithe Oifigigh Forbartha an CT laghdaithe sa bhliain airgeadais 2011/12 agus beidh sé ag teacht chun deiridh ina iomláine ó bhliain airgeadais 2012/13. Beidh seachadadh an churaclaim athbhreithnithe ina thosaíocht go fóill do sheirbhísí comhairliúcháin agus tacaíochta curaclaim (CASS) an ELB agus gheobhaidh scoileanna tacaíocht go fóill ó fhorais tacaíochta na hearnála a bhaineann leis an ELB áitiúil.

Foirmle Maoinithe Maidir le CT 2011/12

4. Is é an aidhm atá leis an fhoirmle maoinithe ná an méid airgid a fhaigheann gach scoil a ríomh, bunaithe ar sheachadadh an churaclaim acu, le cuidiú leis an chostas a bhaineann le curaclam is leithne a sholáthar ag Eochairchéim 4 agus ag iar-16. Déantar cur síos ar na gnéithe maoinithe in Iarscríbhinn A.

5. Aithníonn an Roinn gur dócha go mbeidh costais iompair is mó ag scoileanna tuaithe ná mar a bheidh ag scoileanna uirbeacha; go mbíonn costais i gceist, ar a n-áirítear iad siúd a bhaineann le tréadchúram, nuair a bhíonn daltaí á gcur amach agus á dtabhairt isteach; agus go mbíonn costais ar leith ann maidir le comhoibriú leis an CT agus le heagraíochtaí oiliúna. Cuirtear ualú ar leith ar na limistéir seo san fhoirmle le huasmhéadú ar an tacaíocht airgeadais atá ar fáil do scoileanna a bhfuil cúrsaí á dtairiscint acu ar bhonn comhoibrithe le riar ar riachtanais an CT. Tá clár ama le haghaidh gnímh agus leithdháileadh an mhaoinithe ar fáil in Iarscríbhinn B ar mhaithe le cúrsaí tagartha.

6. Rinne an Roinn an fhoirmle a athbhreithniú arís i mbliana, cuireadh aiseolas ó scoileanna san áireamh, ar a n-áirítear aiseolas ó ghrúpa beag cleachtóirí. Tá treoir faighte ó eolas a tháinig as Iniúchadh ar CT agus ó eolas agus aischothú ón ghrúpa cleachtóirí, go gcaithfear tacaíocht is mó a dhíriú ar scoileanna maidir le líon cuí cúrsaí feidhmeacha a chur ar fáil, cúrsaí a bheidh ina dtrian den churaclam scoile ó 2013 ar aghaidh.

7. Mar sin, ní chuirfear maoiniú ar fáil in 2011/12 le haghaidh cúrsaí ginearálta a sheachadfar i gcomhpháirt le coláistí breisoideachais nó le heagraíochtaí oiliúna. Maoineofar costais an dara bliain maidir le cúrsaí atá ar bun cheana féin.

8. Ní dhéanfar an chuid nua den chúrsa á maoiniú a thuilleadh. Ina ionad sin déanfaidh ualuithe na foirmle cinnte de go ndíreofar acmhainní ar chomhsheachadadh chúrsaí feidhmeacha.

9. Ní athróidh an t-airgead a bhaineann leis an mhéadú feidhmeach don bhliain 2011/12. .i. Íocfar £1,000 breise an cúrsa suas le huasmhéid de £4,000 an scoil i gcás scoileanna a bheidh i ndiaidh cur leis an líon de chúrsaí feidhmeacha acu, agus sin bunaithe ar shonraí in iniúchadh 2009/10 do bhliain 11 agus do bhliain 13 i gcomparáid le 2010/11, beag beann ar mhodh an tseachadta.

10. Mar atá leagtha amach i gciorclán 2010/13 an RO, is é £3,000 an méid a íocfar le scoil in 2011/12 maidir le comhoibriú. Gheobhaidh scoileanna cuid bhreise an cúrsa a leithdháilfear bunaithe ar líon na gcúrsaí feidhmeacha a chomhsheachadfar, suas le huasmhéid de £4,000 an scoil. Is leithdháileadh iomlán suas le £7K é seo faoin chuid comhoibrithe sa bhliain 2011/12. **NB.** Cuirfear deireadh leis an chuid comhoibrithe ón bhliain 2010/13, mar bainfidh an chuid comhoibrithe iomlán leis an leibhéal oibre comhoibrithe atá á dhéanamh sna scoileanna.

11. Is ar an bhonn chéanna agus a rinneadh in 2010/11 a dhéanfar an leithdháileadh maoinithe ar scoileanna speisialta agus ar aonaid

fhoghlama le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais bhreise de dhíth orthu (SEN) i scoileanna príomhshrutha.

12. Déanfar maoiniú Ardscoileanna Sóisearacha (Junior HS) a ríomh ar an leibhéal céanna agus a bhí ann anuraidh ach amháin i gcás an choda comhoibrithe a laghdófar chuig méid 3K agus i gcás an choda le haghaidh cúrsa nua nach mbeidh ar fáil amach anseo. Déanfaidh ualuithe na foirmle cinnte de go ndíreofar acmhainní ar chomhsheachadadh chúrsaí feidhmeacha a sheachadadh.

13. Tá ardú ó £68 go £70 ar an ráta in aghaidh na huaire a bhíonn in úsáid don fhoirmle bunráta mar a shonraítear in iarscríbhinn 3.2 a ghabhann le Ciorclán Treorach 2010/13.

14. Beidh ar gach PFC plean airgeadais pro forma a chomhlánú agus a sheoladh agus sonraí a thabhairt ar an dóigh a gcaithfear an méid airgid a bheas gnóthaithe ag an scoil as comhoibriú. Ba chóir athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh air mar chuid den athbhreithniú lár bliana. Féach iarscríbhinn C maidir leis an pro forma.

Pleananna Cur Chun Feidhme

15. Beidh fócas i gcónaí sna pleananna cur chun feidhme ar na 4 thosaíocht straitéiseacha mar a luadh roimhe seo. Taobh istigh de Thosaíocht Straitéiseach 2, ba cheart d'údaráis scoile a dheimhniú go gcuirtear sprioc ar leith ann le díriú ar an dóigh a bhfuil ríomhfhoghlaim in úsáid. Fágfaidh sé seo go mbeidh údaráis scoile in ann cur síos ar an fheidhm atá siad ag baint as an infheistiú i dteicneolaíocht, san áit ar cuí sin, maidir le gearradh siar ar an líon daltaí a bhíonn ag taisteal agus an méid ama atá i gceist leis an taisteal.

16. Ba chóir na pleananna cur chun feidhme a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le fócas Chéim 2 ar thorthaí. Beidh teimpléid nuashonraithe ar fáil ar shuíomh Iniúchtaí CT. **Ba chóir pleananna cur chun feidhme comhlánaithe PFC bheith curtha isteach cheana féin agus é seo déanta ar an suíomh Iniúchta.**

17. Tabharfaidh an Roinn faoi phróiseas samplála le tairiscint cúrsaí na scoileanna in PFCanna a thástáil, sin de thairbhe aiseolas a bheith faighte faoi chásanna a d'fhéadfadh tarlú amach anseo ina mbeidh scoil ag maíomh as cúrsaí a thairiscint ach nár chuir daltaí isteach orthu. An smaoineamh taobh thiar den tástáil ná a dheimhniú go bhfuil sé ar chumas na scoile (as a stuaim féin nó i gcomhpháirt le scoileanna eile) cúrsa a sholáthar i bhfírinne sa chás go gcuirfidh daoine óga isteach air. Cinnteoidh an próiseas tástála chomh maith go bhfoghlaimeofar faoi chineál an tairisceana curaclaim agus go scaipfear an t-eolas. Caithfear a thuiscint go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh na cúrsaí atá á dtairiscint ag freagairt do riachtanais daoine óga agus do riachtanais an gheilleagair.

An riachtanas eacnamaíoch

18. Is é aidhm CT é a dheimhniú go gceadóidh an tairiscint curaclaim i scoileanna do dhaoine óga roghanna cuí a dhéanamh ag amanna ríthábhachtacha ina saol oideachais. Is iadsan fostóirí, fiontraithe agus fostaithe na linne amach anseo. Is gá go gcuideofar leo agus go spreagfar iad le lán an chumais atá iontu a bhaint amach. Mar a leagtar amach i straitéis na Roinne 'Cuntais, léigh: bain an barr amach", caithfidh daoine óga bheith in inmhe an t-eolas agus na scileanna atá acu a thaispeáint trí cháilíochtaí ábhartha cuí a fháil.

19. Is léir don Roinn go bhfuil ról lárnach ag an oideachas maidir le fás agus hathstructúrú an gheilleagair sa chuid seo tíre. Anois, thar am ar bith eile, ba chóir go ndéanfadh daoine óga rogha chomhleanúnach i dtaca le cúrsaí Eochairchéim 4 agus iar-16 de, agus go mbeadh bealach soiléir chun cinn acu i dtreo Breisoideachais, Ardoideachais, oiliúna nó fostaíochta.

20. Is ceart d'údaráis scoile in PFCanna aird ar leith a thabhairt ar Fhaisnéis maidir le Margadh an tSaothair mar atá ar fáil ag www.delni.gov.uk agus ag www.detini.gov.uk agus ar fhaisnéis eile ar réimsí fáis, réimsí a bhfuil folúntais agus bearnaí iontu sa gheilleagar, STEM san áireamh. Ní mór go bhfaigheadh daoine óga tacaíocht ó Chomhairleoirí Gairmeacha agus cúrsaí á roghnú acu.

21. Cuirtear in iúl leis seo do na húdaráis scoile nach mór dóibh faisnéis atá ar shuíomh Iniúchtaí CT cheana féin a cheadú an chéad uair maidir le haon chúrsa nua is mian leo a chur ar fáil agus é a cheadú ar shuíomh Acmhainn Theicneolaíocht Faisnéise Rialta (RITS) in a dhiaidh sin – http://register.ofqual.gov.uk. Tá sonraí maidir le hEagraíochtaí Aitheanta Dhámhachtain agus Cáilíochtaí Rialta le fáil ar an rolla seo.

    Chomh luath agus a aithníonn scoil nach ar liosta faofa é ábhar atá faoi bhreithniú, caithfear sonraí an cúrsa sin (an uimhir RITS agus bliainghrúpa molta daltaí go háirithe) a chur chuig an Fhoireann 14-19 le go ndéanfar breithniú air. Tuigeann an RO go mbaineann líon scoileanna úsáid as oscailt an iniúchta ar líne i mí Dheireadh Fómhair mar phríomhbhealach le haird na RO a thabhairt ar chúrsaí nua. **Ní cóir é seo a dhéanamh agus caithfear socruithe ar chúrsaí nua a ainmniú bheith déanta roimh thús na gcúrsaí i dtéarma an Fhómhair.**

An seasamh ó thaobh reachtaíochta de

22. Is deis an treoir seo lena chur i gcuimhne d'údaráis scoile faoin taobh reachtúil a bhaineann le seachadadh churaclam Eochairchéim 4. Is ga go mbeidh na réimsí foghlama a leanas mar chuid den churaclam atá á chur ar fail i ngach scoil dheontaschúnta ag Eochairchéim 4 -

    - Teanga agus Litearthacht;
    - Matamaitic agus Uimhearthacht;
    - Nuatheangacha;
    - na hEalaíona;
    - Comhshaol agus Sochaí; agus
    - Eolaíocht agus Teicneolaíocht.

23. Maidir leis na réimsí foghlama Teanga & Litearthacht agus Matamaitic & Uimhearthacht de, tuigtear don Roinn go gcomhlánóidh daltaí cúrsa GCSE i mBéarla agus sa Mhatamaitic de ghnáth. Cé nach bhfuil riachtanais íosábhar leagtha síos do réimsí eile foghlama, ní mór d'údaráis scoile a dheimhniú go bhfuil rochtain ar chúrsaí i ngach aon cheann de na réimsí foghlama sin sa soláthar curaclaim acu. Sa chás a maítear in Iniúchadh de chuid CT nach bhfuil daltaí ag dul do chúrsaí a bhaineann leis na réimsí sin foghlama, fiosróidh an Roinn an scéal, trí mheán an BOL cuí, le deimhniú a fháil ón scoil go bhfuil a ndualgais reachtúla á gcomhlánú acu. Ní mór d'údarás scoile Corpoideachas agus Foghlaim don Saol agus don Obair a chur ar fáil chomh maith agus go mbeidh siad siúd ag teacht leis na forálacha cuí a leagann amach an t-íosábhar agus mar a shonraítear in Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 2006. Caithfidh Oideachas Reiligiúnach a bheith ar churaclam gach scoile chomh maith.

24. Tá an Roinn, trína comhlachtaí neamhspleácha chomh maith, i ndiaidh a bheith ag díriú tacaíochta ar na scoileanna maidir leis an réimse cúrsaí a chuireann siad ar fáil do dhaltaí a athbhreithniú agus a fhorbairt, sa doigh go mbeidh na scoileanna réidh a oiread agus is féidir leis na dualgais reachtúla a chomhlíonadh nuair a thiocfaidh ann do na forálacha reachtúla ábhartha. Cuirfidh an Roinn na húdaráis scoile ar an eolas nuair a thiocfaidh ann dóibh.

25. Sonrófar i reachtaíocht CT gur gá gur cúrsaí ginearálta trian de na cúrsaí ar a laghad agus gur cúrsaí feidhmeacha trian de na cúrsaí ar a laghad ag Eochairchéim 4 agus ag iar-16 araon. Is faoin scoil féin socrú a dhéanamh maidir leis an trian eile de na cúrsaí agus is deis ag na scoileanna é curaclam ar leith a fhorbairt agus a thairiscint..

Conclúid

26. Aithníonn an Roinn an dea-obair atá ar siúl i scoileanna agus in PFCanna le curaclam leathan cothrom ábhartha a sholáthar, curaclam a bhfuil bealaí forchéimnithe ann ag Eochairchéim 4 agus ag iar-16. Tá an obair seo eagraithe lena chinntiú gur féidir cuidiú le níos mó daoine óga, ar a n-áirítear na daoine sin is mó atá i mbaol maidir le tearcghnóthachtáil oideachais de, barr a gcumais a bhaint amach le linn dóibh a bheith ar scoil. An fhorbairt seo ar réimse na gcúrsaí, tá dul chun cinn maidir le dea-thorthaí don duine óg, le feiceáil i gcuid mhaith scoileanna cheana féin dá barr. An dúshlán atá romhainn uilig amach anseo, a dheimhniú gur soláthar leathan cothrom curaclaim a bheas ann do dhaltaí i ngach aon scoil, go mbeidh sé ábhartha ó thaobh an gheilleagair de, agus go mbeidh faisnéis agus comhairle den scoth ar ghairmeacha mar chuid de.

Socruithe Tacaíochta an Chreata Teidlíochta 2011/12 – Gnéithe Maoinithe
IARSCRÍBHINN A

1	**Foirmle Iniúchadh an CT**	*Bunaithe ar iontrálacha curaclaim CT scoileanna .i. líon agus cineál na gcúrsaí (feidhmeach/ginearálta) agus an líon daltaí*	
2	**Gné Bhreise ar Iarratas**	*Scoileanna a chuir leis an méid a d'iarr siad in 2010/11 le haghaidh Bl 11 agus Bl 13 i gcomparáid leis an méid a d'iarr siad in 2009/10. £1000 le haghaidh gach cúrsa breise a iarrtar beag beann ar mhodh an tseachadta (seachadadh sa scoil féin san áireamh), suas go dtí uasmhéid de £5000.*	
4	**Daltaí a bhfuil Riachtanais Bhreise de dhíth orthu (SEN) i Scoileanna Príomhshrutha**	*Caithfear cúrsaí a sheachadadh ar bhonn comhoibrithe. Cúrsaí Ginearálta/Feidhmeacha agus Gan a bheith i dTeideal san áireamh. I gcás cúrsaí G/F is iad ualuithe Ech 4 a bheidh i bhfeidhm. I gcás nach bhfuil ualú cuí ann le haghaidh cúrsaí Gan a bheith i dTeideal is é ualú feidhmeach Ech 4 a cuireadh i bhfeidhm.*	
3	**Comhoibriú**	*£3000*	*I gcás gach scoile a ghlacann páirt ghníomhach i bPobal Foghlama i gCeantar*
		Suas go dtí uasmhéid de £4000	*É a leithdháileadh ar bhonn an chúrsa – caithfear cúrsaí a chur i bhfeidhm agus a sheachadadh go comhoibríoch. £1000 in aghaidh an chúrsa suas go dtí uasmhéid de £4000.*

IARSCRÍBHINN B

CLÁR AMA LE hAGHAIDH GNÍMH AGUS LEITHDHÁILEADH AN MHAOINITHE

Dáta	Gníomhaíochtaí
Lúnasa 2011	• Treoir ar shocruithe tacaíochta CT 2011/12 á heisiúint chuig scoileanna
Lúnasa 2011	• Measachán ar Leithdháileadh Tacaíochta CT bunaithe ar Iniúchadh 2010/11 ar fáil do scoileanna lena bhreathnú ar shuíomh gréasáin Iniúchtaí CT. • An leithdháileadh á mheas ag scoileanna agus mórcheist ar bith a chur in iúl don Oifigeach Forbartha CT is cuí. • Déanfaidh RO aon mhórcheist a thagann ó scoileanna a mheas. • Déanfaidh PFCanna an dul chun cinn a athbhreithniú agus aontóidh siad ar thosaíochtaí leasaithe agus ar chuspóirí straitéiseacha gaolmhara le haghaidh 2011/12, 2012/13 agus 2013/14. • Teimpléid ar fáil ar líne do scoileanna le tosú ar Phlean Cur Chun Feidhme CT le haghaidh 2011/12. • Tosaíonn PFCanna ag obair ar an Phlean Airgeadais pro-forma.
Lúnasa 2011	• Faigheann scoileanna Foirmle CT agus an leithdháileadh Breise ar Iarratas. • Aontaíonn PFCanna na Pleananna Cur Chun Feidhme agus iarrann siad ar an BG i ngach scoil ar leith iad a dhaingniú. • Comhlánaíonn PFCanna Plean Cur Chun Feidhme pro-forma ar shuíomh gréasain Iniúchtaí CT.
Meán Fómhair 2011	• Tugann RO aiseolas ar phleananna do PFCanna agus iarrann soiléiriú san áit ar cuí sin. • Plean Airgeadais pro-forma PFC comhlánaithe agus curtha isteach chuig RO. • An Ghné Chomhoibrithe de Dheontas Tacaíochta CT a leithdháileadh ar scoileanna ach an Plean Cur Chun Feidhme agus an Plean Airgeadais a bheith comhlánaithe.
Deireadh Fómhair 2011	• Athosclaíonn Iniúchadh CT 2011 agus druideann arís.

IARSCRÍBHINN C

POBAL FOGHLAMA X

Miondealú an Mhaoinithe Comhoibrithe– Bliain Airgeadais 11/12

Ioncam

An méid is mó atá ar fáil do gach scoil – Treoir RO 2011/09

Ainm scoile	£

IONCAM IOMLÁN £ XXX

CAITEACHAS IOMLÁN £ XXX